2025/1871

28.10.2025

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/1871 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Iúil 2025

lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/758 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin a bhaineann le eCall agus lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/79 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais theicniúla agus na nósanna imeachta tástála chun mótarfheithiclí atá feistithe le córais eCall infheithicle atá bunaithe ar 112 a cheadú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/758 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le ceanglais chineálcheadaithe chun an córas eCall infheithicle atá bunaithe ar an tseirbhís 112 a chur in úsáid agus lena leasaítear Treoir 2007/46/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 5(8) agus (9) agus Airteagal 6(12) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2015/758, ceanglaítear córas eCall infheithicle atá bunaithe ar 112 a fheistiú i ngach cineál nua feithicle de chatagóirí M_1 agus N_1.

(2) Sa Teachtaireacht maidir leis an Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste ón gCoimisiún ([2]), sainaithnítear an gá atá le creat dlíthiúil eCall a chur in oiriúint do theicneolaíochtaí teileachumarsáide nua.

(3) Tá liosta de chaighdeáin Eorpacha agus sonraíochtaí teicniúla i Rialachán (AE) 2015/758, ar caighdeáin iad ar a bhfuil na ceanglais theicniúla maidir le córais eCall agus feithiclí atá feistithe leis na córais sin a cheadú bunaithe.

(4) Ghlac an Coiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) caighdeáin nua EN 17184:2024 agus EN 17240:2024 a thagann i ndiaidh na sonraíochtaí teicniúla CEN/TS 17184:2022 agus CEN/TS 17240:2018 faoi seach. Ina theannta sin, tá athruithe ábhartha le haghaidh eCall sa leagan nua de chaighdeán EN 16072:2025. Dá réir sin, ba cheart na tagairtí do na sonraíochtaí teicniúla agus do na caighdeáin theicniúla faoi seach in Airteagal 5(8) de Rialachán (AE) 2015/758 a thabhairt cothrom le dáta.

(5) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/79 ón gCoimisiún ([3]), bunaítear ceanglais theicniúla mhionsonraithe agus nósanna imeachta tástála chun na córais eCall infheithicle atá bunaithe ar 112 agus mótarfheithiclí atá feistithe leis na córais sin a cheadú. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar na ceanglais theicniúla agus na nósanna imeachta tástála sin chun neodracht theicneolaíoch a áirithiú agus chun cur chun feidhme na modhanna tástála atá il-oiriúnach ó thaobh na teicneolaíochta de a chumasú.

(6) Chun éifeachtacht fhéintástáil an chórais eCall infheithicle a áirithiú, is gá foráil a dhéanamh gur cheart na cineálacha teipeanna a thástáil ar leithligh.

([1]) IO L 123, 19.5.2015, lch. 77, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/758/oj.

([2]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Sustainable and Smart Mobility Strategy – putting European transport on track for the future* [an Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste – iompar Eorpach a chur ar an mbóthar ceart don todhchaí], COM/2020/789 final an 9.12.2020.

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/79 ón gCoimisiún an 12 Meán Fómhair 2016 lena mbunaítear ceanglais theicniúla mhionsonraithe agus nósanna imeachta tástála maidir le cineálcheadú CE mótarfheithiclí i ndáil lena gcórais eCall infheithicle atá bunaithe ar 112, le haghaidh aonaid theicniúla ar leithligh agus comhpháirteanna eCall infheithicle atá bunaithe ar 112 agus lena bhforlíontar agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/758 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na díolúintí agus na caighdeáin is infheidhme (IO L 12, 17.1.2017, lch. 44, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/79/oj).

(7) Chun ullmhacht an chórais eCall infheithicle le haghaidh na tástálacha tréimhsiúla ródacmhainneachta a áirithiú i gcomhréir le Treoir 2014/45/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), is gá foráil a dhéanamh maidir leis na ceanglais theicniúla shonracha a bheidh le comhlíonadh tráth an chineálcheadaithe chun an tástáil ródacmhainneachta a éascú le linn shaolré na mótarfheithiclí.

(8) Chun a áirithiú go ndéanfar fíorú easpa inrianaitheachta an eCall infheithicle gan débhríocht, is gá an t-iompar a bhfuil coinne leis a shonrú tar éis an eCall a dhéanamh.

(9) Chun a áirithiú go bhfuil struchtúr na nósanna imeachta tástála comhsheasmhach sna hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/79, ba cheart idirdhealú soiléir a dhéanamh sna hiarscríbhinní sin idir na dálaí tástála, na modhanna tástála agus an measúnú.

(10) Is gá forálacha a leagan amach lenar féidir ceaduithe a deonaíodh roimh an 1 Eanáir 2027 a leathnú chun córais eCall infheithicle atá bunaithe ar 112 a oibríonn thar líonraí cumarsáide ciorcadlasctha a chumhdach chun a áirithiú go leanann siad den chuspóir a chomhlíonadh tar éis an aistrithe chuig teicneolaíocht cumarsáide paicéadlasctha.

(11) Chun a áirithiú go mbeidh an córas eCall infheithicle atá bunaithe ar 112 oibríochtúil fós i gcás ina mbeidh príomhsholáthar cumhachta na feithicle dícheangailte, is gá foráil a dhéanamh maidir le nósanna imeachta tástála le haghaidh an tsoláthair cumhachta cúltaca (má tá sé feistithe) agus le haghaidh sholáthar tánaisteach cumhachta na feithicle, a d'fhéadfaí a úsáid tar éis timpiste bhóthair san fheithicil.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2015/758 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/79 a leasú dá réir.

(13) Chun aga seachadta leordhóthanach a thabhairt do na Ballstáit, do na húdaráis náisiúnta agus do mhonaróirí chun na hathruithe a chur chun feidhme, ba cheart cur i bhfeidhm sainordaitheach chaighdeáin EN 17184:2024 agus EN 17240:2024 a chur siar go dtí an 1 Eanáir 2027. Ina theannta sin, is gá forálacha idirthréimhseacha a leagan amach maidir le cur chun feidhme na gceanglas nua i dtaca le soláthar cumhachta cúltaca agus soláthar tánaisteach cumhachta feithicle an chórais eCall infheithicle atá bunaithe ar 112 agus maidir le hullmhacht le haghaidh tástálacha tréimhsiúla ródacmhainneachta ar chineálacha nua feithiclí a bhfuil na córais sin acu,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2015/758

In Airteagal 5(8), an dara fomhír de Rialachán (AE) 2015/758, leasaítear pointí (a) go (c) mar a leanas:

(1) i bpointe (a), cuirtear 'EN 16072:2025' in ionad 'EN 16072:2022'.

(2) i bpointe (b), cuirtear 'EN 17184:2024' in ionad 'CEN/TS 17184:2022'.

(3) i bpointe (c), cuirtear 'EN 17240:2024' in ionad 'CEN/TS 17240:2018'.

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2017/79

Leasaítear Rialachán (AE) 2017/79 mar a leanas:

(1) in Airteagal 4, cuirtear an pointe (12) seo a leanas isteach:

'(12) ciallaíonn 'eCall tástála' eCall chun críoch tástála, ar féidir idirdhealú soiléir a dhéanamh idir é agus eCall fíor nó nach sroicheann an Pointe Freagartha Sábháilteachta Poiblí ('PFSP').';

([4]) Treoir 2014/45/AE 2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le tástálacha tréimhsiúla ródacmhainneachta ar mhótarfheithiclí agus ar leantóirí mótarfheithiclí agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/40/CE (IO L 127, 29.4.2014, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/45/oj).

(2) in Airteagal 5, cuirtear an mhír (4) seo a leanas leis:

‘4. Chun síneadh a chur le cineálcheadú CE a deonaíodh i gcomhréir le mír (1) roimh an 1 Eanáir 2027, féadfaidh an tseirbhís theicniúil córas eCall infheithicle atá bunaithe ar 112 a dhíolmhú ó thástáil tuairte iomlán mar a shonraítear in Iarscríbhinn II agus ón tástáil maidir le trealamh fuaime ina dhiaidh sin mar a shonraítear in Iarscríbhinn III. Déanfaidh an monaróir na hathruithe ar an gcóras modhnaithe eCall infheithicle atá bunaithe ar 112 i gcomparáid leis an gcóras a ceadaíodh cheana a dhoiciméadú agus a mhíniú don tseirbhís theicniúil agus don údarás cineálcheadaithe:

(a) I gcás ina modhnaítear an pháirt chumarsáide gan tionchar a bheith aici ar chomhpháirteanna eile den chóras eCall infheithicle atá bunaithe ar 112 agus ina ndéantar tástáil tuairte feithicle chun críoch eile, áireofar an córas eCall infheithicle atá bunaithe ar 112 agus an tástáil tuairte iomlán mar a shonraítear in Iarscríbhinn II agus an tástáil maidir le trealamh fuaime ina dhiaidh sin mar a shonraítear in Iarscríbhinn III.

(b) I gcás ina mbeidh tionchar ag modhnú na páirte cumarsáide de chóras eCall infheithicle atá bunaithe ar 112 ar a pháirteanna eile, déanfar an tástáil tuairte iomlán mar a shonraítear in Iarscríbhinn II agus an tástáil maidir le trealamh fuaime ina dhiaidh sin mar a shonraítear in Iarscríbhinn III.’;

(3) in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Beidh cineálcheadú CE le haghaidh aonad teicniúil faoi leith eCall infheithicle atá bunaithe ar 112 faoi réir pas a bhaint amach ag an aonad teicniúil faoi leith sna tástálacha a leagtar síos in Iarscríbhinní I, IV, VI, VII agus VIII agus na ceanglais ábhartha a leagtar síos sna hIarscríbhinní sin a bheith á gcomhlíonadh aige. I gcás ina mbeidh an t-aonad teicniúil faoi leith feistithe le foinse cumhachta cúltaca, comhlíonfaidh sé na ceanglais agus beidh sé faoi réir an nós imeachta tástála a leagtar síos in Iarscríbhinn X.’;

(4) leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(5) leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo;

(6) leasaítear Iarscríbhinn III i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo;

(7) leasaítear Iarscríbhinn IV i gcomhréir le hIarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo;

(8) leasaítear Iarscríbhinn VII i gcomhréir le hIarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo;

(9) leasaítear Iarscríbhinn VIII i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo;

(10) Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán seo, cuirtear isteach mar Iarscríbhinn X í.

Airteagal 3

Forálacha idirthréimhseacha

(1) Le héifeacht ón 1 Eanáir 2026, diúltóidh údaráis náisiúnta cineálcheaduithe nua ná síntí nua a dheonú le haghaidh ceaduithe atá ann cheana le haghaidh feithiclí, córas, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla faoi leith, i gcás nach gcomhlíonann siad na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach in CEN/TS 17184:2022 agus CEN/TS 17240:2018 nó caighdeáin EN 17184:2024 agus EN 17240:2024, má iarrann monaróir amhlaidh.

(2) Le héifeacht ón 1 Eanáir 2027, diúltóidh na húdaráis náisiúnta cineálcheaduithe nua a dheonú le haghaidh feithiclí, córas, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla faoi leith, i gcás nach gcomhlíonann siad sin caighdeáin EN 17184:2024 agus EN 17240:2024.

(3) Le héifeacht ón 1 Eanáir 2027, i gcás feithiclí nua arna gceadú tar éis an 31 Márta 2018 i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/758, nach gcomhlíonann na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach in CEN/TS 17184:2022 agus CEN/TS 17240:2018 nó caighdeáin EN 17184:2024 agus EN 17240:2024, measfaidh na húdaráis náisiúnta nach bhfuil na deimhnithe comhréireachta bailí a thuilleadh chun críocha Airteagal 48(1) de Rialachán (AE) 2018/858.

(4) Le héifeacht ón 1 Eanáir 2028, i gcás feithiclí nua arna gceadú tar éis an 31 Márta 2018 i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/758, nach gcomhlíonann caighdeáin EN 17184:2024 agus EN 17240:2024, measfaidh na húdaráis náisiúnta nach bhfuil na deimhnithe comhréireachta bailí a thuilleadh chun críocha Airteagal 48(1) de Rialachán (AE) 2018/858.

(5) Le héifeacht ón 1 Eanáir 2028, diúltóidh na húdaráis náisiúnta cineálcheaduithe nua a dheonú le haghaidh feithiclí, córas, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla faoi leith, i gcás nach gcomhlíonann siad sin na ceanglais theicniúla chun tástálacha tréimhsiúla ródacmhainneachta a chumasú i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/79 arna leasú leis an Rialachán seo.

(6) Le héifeacht ón 1 Eanáir 2027, diúltóidh na húdaráis náisiúnta cineálcheaduithe nua a dheonú le haghaidh feithiclí, córas, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla faoi leith, i gcás nach gcomhlíonann siad sin na ceanglais maidir le feidhmíocht na tsoláthair cumhachta cúltaca i gcomhréir le hIarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/79.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 1(2) agus (3) ón 1 Eanáir 2027.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/79 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1.1.4.:

‘1.1.4. Suíomh a chinneadh: Beidh an córas eCall nó an socrú ionadaíoch in ann an suíomh feithicle atá cothrom le dáta a chinneadh go cruinn, lena n-áirítear dhá shuíomh feithicle a cinneadh le déanaí roimh ghiniúint na sonraí le haghaidh TÍS.’;

(2) i bpointe 2.2.4, cuirtear an abairt seo a leanas isteach:

‘Doiciméadófar aon chomhaontú den sórt sin sa tuarascáil tástála.’;

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.4.2.:

‘2.4.2. Fíorófar na ceanglais feidhmíochta trí eCall tástála a dhéanamh agus úsáid á baint as an bhfoinse chumhachta atá faoi luasmhoilliú ard-déine.’;

(4) i bpointe 2.4.3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh:

‘2.4.3. Sula ndéanfar an eCall tástála, áirithigh an méid seo a leanas:’;

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.4.3.(c):

‘(c) ceann de na nósanna imeachta maidir le nascadh a shainmhínítear i bpointe 2.7, mar a comhaontaíodh idir an tseirbhís theicniúil agus an monaróir, cuirfear i bhfeidhm é maidir le haon eCall tástála;’;

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.4.4.:

‘2.4.4. Déan eCall tástála trí thruicear a chur ar siúl de réir threoracha an mhonaróra.’;

(7) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.4.5.(c):

‘(c) Fíoraigh go raibh suíomh cruinn agus cothrom le dáta in TÍS. Fíorófar é sin i gcomhréir leis an Nós Imeachta Tástála Suímh mar a shonraítear i bpointe 2.5 le taifead tástála ina léirítear gur lú ná 150 méadar an diall idir suíomh CIF (córas infheithicle) agus fíorshuíomh, d_CIF, agus go léirítear leis an ngiotán iontaoibhe a tharchuirtear chuig an bpointe tástála PFSP gur ‘suíomh iontaofa’ é.

(d) Fíoraigh go raibh an dá shuíomh a cinneadh le déanaí in TÍS roimh ghiniúint na sonraí le haghaidh TÍS. Fíorófar é sin le taifead ar an bpointe tástála PFSP ina léirítear go bhfuair sé ‘recentVehicleLocationN1’ agus ‘recentVehicleLocationN2’.;’

(8) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.4.6.:

‘2.4.6. Cuir deireadh leis an eCall tástála trí úsáid a bhaint as ordú iomchuí an phointe tástála PFSP (e.g. crochadh suas).’;

(9) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 2.7.1.1 agus 2.7.1.2:

‘2.7.1.1. Áiritheofar go ndéanfar glao éigeandála arna dhéanamh ag an gcóras atá bunaithe ar 112 thar an líonra trí líonra móibíleach neamhphoiblí (i.e. ionsamhlaithe) agus go ródófar é chuig an bpointe tástála tiomnaithe PFSP.

2.7.1.2. Is é a bheidh sa phointe tástála PFSP tiomnaithe le linn na nósanna imeachta tástála ionsamhlóir PFSP atá faoi stiúir na seirbhíse teicniúla, a chomhlíonann na caighdeáin EN is infheidhme agus a dheimhnítear i gcomhréir le EN 16454 agus EN 17240. Beidh sé feistithe le comhéadan fuaime chun tástálacha cumarsáide gutha a chumasú.’;

(10) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 2.7.2.1., 2.7.2.2 agus 2.7.2.3:

‘2.7.2.1. Áiritheofar go ndéanann an córas eCall infheithicle atá bunaithe ar 112 gnáthghlao chuig uimhir fhada (seachas glao éigeandála) agus go ndéanfar é thar an líonra móibíleach poiblí agus go ródófar é chuig an bpointe tástála PFSP tiomnaithe.

I gcás nach bhfuil an nós imeachta sin indéanta go teicniúil, ina ionad sin, is féidir úsáid a bhaint as glao éigeandála arna dhéanamh ag an gcóras eCall infheithicle atá bunaithe ar 112 trí líonra móibíleach poiblí i bhfearann paicéadlasctha, má chomhaontaíonn an monaróir nó an tseirbhís theicniúil leis an PFSP fíor nó má cuireadh réiteach teicniúil ar bun chun an eCall a ródú chuig pointe tástála PFSP tiomnaithe.

2.7.2.2. Is é a bheidh sa phointe tástála PFSP tiomnaithe le linn na nósanna imeachta tástála ionsamhlóir PFSP atá faoi stiúir na seirbhíse teicniúla, a chomhlíonann na caighdeáin EN is infheidhme agus a dheimhnítear i gcomhréir le EN 16454 agus EN 17240. Beidh sé feistithe le comhéadan fuaime chun tástálacha cumarsáide gutha a chumasú.

2.7.2.3. Más infheidhme, áiritheofar go ndéanfar gnáthghlao arna dhéanamh ag an gcóras STP (seirbhís tríú páirtí) thar an líonra trí líonra móibíleach neamhphoiblí agus go ródófar é chuig an bpointe tástála SSTP (soláthróir seirbhíse tríú páirtithe).';

(11) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 2.7.3.1., 2.7.3.2 agus 2.7.3.3:

'2.7.3.1. Áiritheofar nach ndéanfar glao éigeandála arna dhéanamh ag an gcóras atá bunaithe ar 112 ach amháin trí nasc sreinge le hionsamhlóir líonra tiomnaithe (trí aon aeróg líonra mhóibíligh a sheachaint) agus go ródófar é chuig an bpointe tástála PFSP tiomnaithe.

2.7.3.2. Is é a bheidh sa phointe tástála PFSP tiomnaithe le linn na nósanna imeachta tástála ionsamhlóir PFSP atá faoi stiúir na seirbhíse teicniúla, a chomhlíonann na caighdeáin EN is infheidhme agus a dheimhnítear i gcomhréir le EN 16454 agus EN 17240. Beidh sé feistithe le comhéadan fuaime chun tástálacha cumarsáide gutha a chumasú.

2.7.3.3. Más infheidhme, áiritheofar go ndéanfar glao arna dhéanamh ag an gcóras STP trí nasc sreinge ag a bhfuil ionsamhlóir líonra tiomnaithe (trí aon aeróg líonra mhóibíligh a sheachaint) agus go ródófar é chuig an bpointe tástála SSTP tiomnaithe.';

(12) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.8.1.:

'Beidh feidhm ag na nósanna imeachta sin maidir le cineálcheadú comhpháirte de chóras eCall infheithicle atá bunaithe ar 112 i gcomhréir le hAirteagal 6 den Rialachán seo.';

(13) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.8.2.2:

'2.8.2.2. Fíorófar na ceanglais feidhmíochta trí eCall tástála a dhéanamh de réir mhíreanna 2.4.3 go 2.4.6.';

(14) scriostar pointí 2.8.2.3, 2.8.2.4, 2.8.2.5 agus 2.8.2.6.

IARSCRÍBHINN II

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/79 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1.1.6.:

'1.1.6. Suíomh a chinneadh: Beidh an córas eCall in ann an suíomh feithicle atá cothrom le dáta a chinneadh go cruinn, lena n-áirítear dhá shuíomh feithicle a cinneadh le déanaí roimh ghiniúint na sonraí le haghaidh TÍS.';

(2) i bpointe 2.3.3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) ceann de na nósanna imeachta maidir le nascadh a shainmhínítear i bpointe 2.7 d'Iarscríbhinn I, mar a comhaontaíodh idir an tseirbhís theicniúil agus an monaróir, cuirfear i bhfeidhm é maidir le haon eCall tástála;';

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.4:

'2.4. **An nós imeachta tástála maidir le soláthar cumhachta**

Beidh feidhm ag an nós imeachta tástála a dtugtar tuairisc air i bpointí 2.4.1 go 2.4.6 i gcás ina bhfuil feidhm ag Iarscríbhinn X agus i gcás ina gcomhlíontar aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) nach raibh an t-aonad teicniúil faoi leith eCall faoi réir na tástála a leagtar síos in Iarscríbhinn X,

(b) bhí an t-aonad teicniúil faoi leith eCall faoi réir na tástála a leagtar síos in Iarscríbhinn X ach comhroinntear an soláthar cumhachta cúltaca san fheithicil le gairis eile.

2.4.1. Má cuireadh deireadh le eCall uathoibríoch, déan eCall tástála a thruicearú de láimh.

2.4.2. Léigh aon téacs os ard ar feadh 5 nóiméad ar a laghad ag an bpointe tástála PFSP. De rogha air sin, is féidir an modh tástála dá dtagraítear i bpointe 2.6.2. d'Iarscríbhinn III a dhéanamh ag an gcéim sin mura sáraítear 5 nóiméad.

2.4.3. Cuir deireadh leis an eCall trí úsáid a bhaint as ordú iomchuí an phointe tástála PFSP (e.g. crochadh suas).

2.4.4. Fan ar feadh 56 nóiméad tar éis dheireadh an ghlao.

2.4.5. Cuir tús le glao ón bpointe tástála PFSP chuig an gcóras eCall infheithicle.

2.4.6. Má ghlactar leis an nglao go huathoibríoch, léigh aon téacs os ard ar feadh 5 nóiméad ar a laghad ag an bpointe tástála PFSP; mura nglactar, beidh an tástáil críochnaithe.';

(4) scriostar pointe 2.7.;

(5) cuirtear pointe 3 isteach:

'3. **An nós imeachta fíorúcháin**

3.1. An Tacar Íosta Sonraí (TÍS) a fhíorú

3.1.1. Fíoraigh gach ceann de na míreanna seo a leanas i gceann amháin ar a laghad de na eCall tástála:

(a) Fíoraigh go ndearnadh eCall a thruicearú go huathoibríoch leis an teagmhas tuairte iomlán. Fíorófar é sin le taifead ar an bpointe tástála PFSP ina léirítear go bhfuair sé eCall tar éis an teagmhais tuairte agus gur socraíodh táscaire rialaithe TÍS ag 'eCall lenar cuireadh tús go huathoibríoch'.

(b) Fíoraigh gur léirigh an táscaire stádais eCall seicheamh eCall tar éis an truicir uathoibríoch nó an truicir de láimhe. Fíorófar é sin le taifead ina léirítear go ndearnadh seicheamh táisc ar na cainéil chéadfacha a shonraítear i ndoiciméadacht an mhonaróra (cainéal amhairc agus/nó inchloiste).

(c) Fíoraigh go bhfuair an pointe tástála PFSP TÍS. Fíorófar é sin le taifead ar an bpointe tástála PFSP ina léirítear go bhfuarthas TÍS arna dhéanamh ag an bhfeithicil tar éis an truicir uathoibríoch agus go ndearnadh é a dhíchódú go rathúil.

(d) Fíoraigh go raibh sonraí feithicil-sonracha cruinne in TÍS. Fíorófar é sin le taifead ar an bpointe tástála PFSP tiomnaithe ina léirítear nach bhfuil an fhaisnéis a tharchuirtear sna réimsí a bhaineann leis an gcineál feithicle, an uimhir aitheantais feithicle (VIN) agus an cineál stórála tiomána feithicle éagsúil leis an bhfaisnéis a shonraítear san iarratas ar chineálcheadú.

(e) Fíoraigh go raibh suíomh cruinn agus cothrom le dáta in TÍS. Fíorófar é sin i gcomhréir leis an Nós Imeachta Tástála Suímh mar a shainmhínítear i bpointe 2.5 d'Iarscríbhinn I le taifead tástála ina léirítear gur lú ná 150 méadar an diall idir suíomh CIF (córas infheithicle) agus fíorshuíomh, d_CIF, agus go léirítear leis an ngiotán iontaoibhe a tharchuirtear chuig an bpointe tástála PFSP gur 'féidir muinín a bheith as suíomh'. Mura bhfuil comharthaí GNSS ar fáil ag suíomh na tástála tuairte, is féidir an fheithicil a bhogadh go suíomh iomchuí sula ndéanfar an eCall tástála.

(f) Fíoraigh go raibh an dá shuíomh a cinneadh le déanaí in TÍS roimh ghiniúint na sonraí le haghaidh TÍS. Fíorófar é sin le taifead ar an bpointe tástála PFSP ina léirítear go bhfuair sé 'recentVehicleLocationN1' agus 'recentVehicleLocationN2'.

(g) Fíoraigh go raibh stampa ama cothrom le dáta in TÍS. Fíorófar é sin le taifead tástála ina léirítear nach mó ná 60 soicind an difríocht idir an stampa ama atá in TÍS a fuair an pointe tástála PFSP agus an t-am beacht taifeadta a bhaineann leis an truicear a chur i ngníomh.

3.2. Mura bhféadfaí an eCall tástála uathoibríoch a dhéanamh go rathúil mar gheall ar thosca lasmuigh den fheithicil, beidh sé incheadaithe an truicear uathoibríoch a fhíorú tar éis an tuairte trí fheidhm idirbhirt taifid inmheánaigh an chórais infheithicle. Beifear in ann comharthaí truicir a fuarthas a stóráil sa chlár sin i gcuimhne neamhluaineach. Beidh rochtain ag an innealtóir tástála ar na sonraí atá stóráilte sa chóras infheithicle agus fíoróidh sé nach stóráiltear aon taifead ar chomhartha truicir uathoibríoch roimh an teagmhas tuairte agus go stóráiltear taifead ar chomhartha truicir uathoibríoch tar éis an teagmhais tuairte.

3.3. Má rinneadh an eCall tástála agus an fheithicil nasctha le soláthar cumhachta seachtrach (i gcásanna ina ndearnadh an tástáil tuairte gan an soláthar cumhachta caighdeánach a bheith suiteáilte), fíoraigh go raibh an córas leictreach ar bord a sholáthraíonn an córas eCall infheithicle slán fós. Fíorófar é sin le taifead ó innealtóir tástála ina ndeimhnítear seiceáil rathúil ar shláine an chórais leictrigh ar bord lena n-áirítear foinse cumhachta infheithicle chaoch (cigireacht amhairc le haghaidh damáiste meicniúil do bhrac feistiúcháin na foinse cumhachta nó dá struchtúr) agus na naisc trína teirminéil.

3.4. Tástáil Soláthair Cumhachta a fhíorú

3.4.1. Cinntear go bhfuil pas bainte amach maidir leis an gceanglas má tá an córas eCall infheithicle in ann cumarsáid a dhéanamh ar feadh na tréimhse a cheanglaítear, mar a shonraítear i bpointe 2 d'Iarscríbhinn X. Murach sin, cinntear go bhfuarthas teip sa tástáil.'.

IARSCRÍBHINN III

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/79 mar a leanas:

(1) scriostar pointe 1.1.2.;

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.1:

‘2.1. Cuspóir an nós imeachta tástála maidir le seasmhacht an trealaimh fuaime in aghaidh tuairte

Is é cuspóir na tástála seo a fhíorú go bhfuil callaire/callairí agus micreafón/micreafóin nasctha go rathúil agus go raibh an trealamh fuaime ag feidhmiú fós tar éis tástáil tuairte tosaigh nó tástáil tuairte taobhaí a dhéanamh ar an bhfeithicil.’

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.3.1:

‘2.3.1. Fíorófar feidhmiúlacht leanúnach an trealaimh fuaime trí eCall tástála a dhéanamh tar éis na tástála tuairte agus úsáid a bhaint as an gcainéal cumarsáide gutha idir an fheithicil agus an pointe tástála PFSP’;

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 2.5. agus 2.5.1:

‘2.5. **Coinníollacha tástála**

2.5.1. Sula ndéanfar an eCall tástála, áirithigh an méid seo a leanas:

(a) ceann de na nósanna imeachta maidir le nascadh a shonraítear i bpointe 2.7 d’Iarscríbhinn I, mar a comhaontaíodh idir seirbhís theicniúil agus monaróir, go gcuirfear i bhfeidhm é maidir le haon eCall tástála;

(b) go bhfuil an pointe tástála PFSP tiomnaithe ar fáil chun eCall a fháil arna dhéanamh ag an gcóras eCall infheithicle atá bunaithe ar 112 nó tá an córas eCall infheithicle cláraithe ionas gur féidir glao a thosú ón bpointe tástála PFSP;

(c) nach féidir eCall bréagach a dhéanamh chuig PFSP fíor thar an líonra beo;

(d) más infheidhme, nach bhfuil an córas STP curtha i ngníomh nó go n-athróidh sé go huathoibríoch chuig an gcóras atá bunaithe ar 112;

(e) go gcuirtear adhaint nó máistirlasc rialaithe na feithicle i ngníomh;

(f) gur féidir foinse soláthair cumhachta sheachtrach a úsáid, i gcás nach bhfuil toilleadh (príomhthoilleadh agus cúltaca) ar fáil a thuilleadh tar éis an nós imeachta tástála a leagtar amach in Iarscríbhinn II.’;

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 2.6. agus 2.6.1:

‘2.6. **Modh tástála**

2.6.1. Déan eCall tástála trí thruicear a chur ar siúl de láimhe trí chomhéadan infheithicle duine le meaisín agus fan go dtí go mbeidh an callaire/na callairí agus micreafón/micreafóin nasctha agus réidh le haghaidh cumarsáid ghutha nó déan glao ón bpointe tástála PFSP chuig an gcóras eCall infheithicle.’;

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 2.6.3 agus 2.6.4:

‘2.6.3. Cuir deireadh leis an eCall tástála trí úsáid a bhaint as ordú iomchuí an phointe tástála PFSP (e.g. crochadh suas).

2.6.4. Mura féidir na ceanglais a chomhlíonadh mar gheall ar lagú a tugadh isteach leis an bpointe tástála PFSP nó leis an meán tarchurtha, féadfar an eCall tástála a dhéanamh arís, i socrú tástála oiriúnaithe más gá.’;

(7) san Fhoscríbhinn, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3.1. (c):

‘(c) Zij kunnen de besluiten nemen.

De meeste mensen hadden het wel door.’.

IARSCRÍBHINN IV

Leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/79 mar a leanas:

(1) i bpointe 1, cuirtear an pointe 1.1.1 seo a leanas isteach tar éis phointe 1.1.:

'1.1.1. I gcás córas roghnach eCall STP, beidh feidhm ag na tástálacha a bhaineann le eCall STP a leagtar amach i roinn 9.8 de chaighdeán EN 16454:2023 fós maidir le Dearbhú Comhréireachta córais eCall infheithicle tar éis an 31 Nollaig 2025.';

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.3:

'2.3. Fíorófar díghníomhachtú an chórais atá bunaithe ar 112 nuair atá córas STP i gníomh trí eCall tástála arna thruicearú de láimh a dhéanamh.';

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 2.3.1 go 2.3.4:

'2.3.1 Sula ndéanfar an eCall tástála, áirithigh an méid seo a leanas:

(a) ceann de na nósanna imeachta maidir le nascadh a shonraítear i bpointe 2.7 d'Iarscríbhinn I, mar a comhaontaíodh idir an tseirbhís theicniúil agus an monaróir, go gcuirfear i bhfeidhm é maidir le haon eCall tástála;

(b) go bhfuil an pointe tástála PFSP tiomnaithe ar fáil chun eCall a fháil arna dhéanamh ag an gcóras atá bunaithe ar 112;

(c) go bhfuil an pointe tástála SSTP ar fáil chun eCall a fháil arna dhéanamh ag an gcóras STP;

(d) nach féidir eCall bréagach a dhéanamh chuig PFSP fíor thar an líonra beo; agus

(e) go gcuirtear adhaint nó máistirlasc rialaithe na feithicle i ngníomh.

2.3.2. Déan eCall tástála trí thruicear de chuid an chórais STP a chur ar siúl de láimh.

2.3.3. Fíoraigh an méid seo a leanas:

(a) gur bunaíodh eCall leis an bpointe tástála SSTP trí nasc gutha rathúil leis an bpointe tástála SSTP;

(b) go bhfuarthas sonraí i gceart ag an bpointe tástála SSTP lena n-áirítear TÍS ar a laghad; agus

(c) nach ndearnadh iarracht aon eCall a dhéanamh ná nár bunaíodh aon eCall leis an bpointe tástála PFSP le taifead ar an bpointe tástála PFSP ina léirítear nach bhfuair sé eCall.

2.3.4. Cuir deireadh leis an eCall trí úsáid a bhaint as ordú iomchuí an phointe tástála SSTP (e.g. crochadh suas).';

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.4:

'2.4. Fíorófar nós imeachta cúltaca agus cur i ngníomh an chórais atá bunaithe ar 112, i gcás nach bhfeidhmíonn an córas STP, trí eCall tástála arna thruicearú de láimh a dhéanamh.';

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 2.4.1 go 2.4.5:

'2.4.1. Modhnaigh an córas STP chun teip a ionsamhlú, arna roghnú de lánrogha na seirbhíse teicniúla agus a mbeidh nós imeachta cúltaca bunaithe ar an doiciméadacht arna soláthar ag an monaróir mar thoradh uirthi. Doiciméadófar roghnú den sórt sin sa tuarascáil tástála.

2.4.2. Sula ndéanfar an eCall tástála, áirithigh an méid seo a leanas:

(a) ceann de na nósanna imeachta maidir le nascadh a shainmhínítear i bpointe 2.7 d'Iarscríbhinn I, mar a comhaontaíodh idir an tseirbhís theicniúil agus an monaróir, go gcuirfear i bhfeidhm é maidir le haon eCall tástála;

(b) go bhfuil an pointe tástála PFSP tiomnaithe ar fáil chun eCall a fháil arna dhéanamh ag an gcóras atá bunaithe ar 112;

(c) nach féidir eCall bréagach a dhéanamh chuig PFSP fíor thar an líonra beo; agus

(d) go gcuirtear adhaint nó máistirlasc rialaithe na feithicle i ngníomh.

2.4.3. Déan eCall tástála trí thruicear de chuid an chórais STP a chur ar siúl de láimh.

2.4.4. Fíoraigh an méid seo a leanas:

(a) gur bunaíodh eCall leis an bpointe tástála PFSP trí nasc gutha rathúil leis an bpointe tástála PFSP; agus

(b) go bhfuair an pointe tástála PFSP TÍS. Fíorófar é sin le taifead ar an bpointe tástála PFSP lena léirítear go bhfuarthas TÍS arna dhéanamh ag an gcóras eCall tar éis an truicir a fháil agus go ndearnadh é a dhíchódú go rathúil.

2.4.5. Cuir deireadh leis an eCall tástála trí úsáid a bhaint as ordú iomchuí an phointe tástála PFSP (e.g. crochadh suas).';

(6) scriostar pointe 2.5.

IARSCRÍBHINN V

Leasaítear Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/79 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1.3.1.:

'1.3.1. Soláthróidh an monaróir doiciméadacht don tseirbhís theicniúil agus don údarás cineálcheadaithe i gcomhréir leis an Tábla, ina mbeidh an prionsabal teicniúil a chuirtear i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar an mír, i gcás gach míre.';

(2) sa Tábla, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú ró (an dara mír):

'Tá aeróg líonra mhóibíligh nasctha'	

(3) sa Tábla, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an chúigiú ró (an ceathrú mír):

'Tá aeróg GNSS nasctha'	

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.1.1.:

'2.1.1. Déanfar an tástáil seo a leanas, ar leithligh i gcás gach ceann de na míreanna a liostaítear sa Tábla, ar an bhfeithicil ina bhfuil córas eCall infheithicle arna shuiteáil i gcomhréir le hAirteagal 5, ar an aonad teicniúil faoi leith i gcomhréir le hAirteagal 7 nó ar an gcomhpháirt, ar cuid de chóras iomlán í chun críoch na tástála, i gcomhréir le hAirteagal 6.';

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.1.2.:

'2.1.2. Mífheidhm an chórais eCall a ionsamhlú trí theip chriticiúil a thabhairt isteach a ndéanfaidh an fheidhm féintástála faireachán air de réir na doiciméadachta teicniúla arna soláthar ag an monaróir. Soláthróidh an monaróir liosta de na seiceálacha agus tuairisc ar conas iad a thruicearú.';

(6) i bpointe 2.1.5, cuirtear an abairt seo a leanas isteach:

'I gcás na dteipeanna nach féidir leis an tseirbhís theicniúil a ionsamhlú ná a chur isteach, soláthróidh na monaróirí doiciméadacht don tseirbhís theicniúil ina mbeidh tuairisc ar an nós imeachta tástála agus ar na torthaí tástála.';

(7) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3.1:

'3.1. Nuair a chuirfidh an monaróir iarratas isteach ar athbhreithniú ar chineálcheadú atá ann cheana nó leathnú air chun aeróg GNSS malartach, aonad rialaithe leictreonach, aeróg líonra mhóibíligh agus/nó comhpháirteanna foinse cumhachta a áireamh, ní cheanglófar aon ath-thástáil a dhéanamh ar chomhpháirteanna córais eCall infheithicle atá bunaithe ar 112 chun ceanglais na hIarscríbhinne seo a chomhlíonadh, ar choinníoll go bhfuil na gnéithe feidhmiúla céanna ar a laghad ag na comhpháirteanna cineálcheadaithe sin agus go gcumhdaítear iad leis an Iarscríbhinn seo i gcomhréir le hAirteagal 6(3).';

(8) cuirtear isteach an pointe 4 seo a leanas:

'4. **Ceanglais theicniúla chun tástálacha tréimhsiúla ródacmhainneachta a chumasú**

4.1. *Cuspóir*

Is é an cuspóir a bheidh ann na gnéithe seo a leanas den chóras eCall a fhíorú:

(a) a stádas ceart oibriúcháin, trí bhreathnóireacht amhairc ar stádas an chomhartha rabhaidh teipe tar éis máistirlasc rialaithe na feithicle a chur i ngníomh agus aon bholgán a sheiceáil. I gcás nach dtaispeántar an comhartha rabhaidh teipe ach i spás coiteann (an limistéar ar féidir dhá cheann nó níos mó d'fheidhmeanna/siombailí faisnéise a thaispeáint air, ach ní an tráth céanna), ní mór a sheiceáil ar dtús go bhfuil an spás coiteann ag feidhmiú roimh an tseiceáil ar stádas an chomhartha rabhaidh teipe;

(b) cruinneas ceart maidir leis an Tacar Íosta Sonraí (trí TÍS reatha a ghiniúint agus a léamh), feidhm cheart agus bail cheart na gcomhpháirteanna eCall agus an cheallra cúltaca (más infheidhme), trí chomhéadan leictreonach feithicle a úsáid;

(c) sláine na mbogearraí, trí fhíorú seachtrach a dhéanamh ar fhaisnéis faoi leaganacha, haisluachanna agus cumraíochtaí córais i gcomparáid le sonraí tagartha;

(d) feidhmiúlacht cheart na cumarsáide gutha, trí thástáil maidir le macalla fuaime agus callaire a dhéanamh agus úsáid á baint as an gcomhéadan feithicle.

4.2. **Ceanglais**

4.2.1. Beidh an córas eCall infheithicle atá bunaithe ar 112 in ann an fhaisnéis a chur ar fáil chun na modhanna tástála a shonraítear i Roinn 3, pointe 7.13, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/45/AE a dhéanamh agus úsáid á baint as an gcomhéadan leictreonach feithicle.

4.2.2. Cuirfidh an monaróir an fhaisnéis theicniúil ar fáil, ina mbeidh na treoracha chun an fhaisnéis a léamh os ard nó chun na seiceálacha a bhaineann le gach mír a shonraítear i Roinn 3, pointe 7.13, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/45/AE a dhéanamh.

4.3 **Nós imeachta tástála**

4.3.1. Fíorófar gur féidir an fhaisnéis a bhaineann le gach mír a shonraítear i Roinn 3, pointe 7.13 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/45/AE a léamh os ard ón gcóras eCall a úsáideann an comhéadan leictreonach feithicle de réir threoracha an mhonaróra.

4.3.2. Fíorófar gur féidir tástáil maidir le macalla agus callaire a dhéanamh chun feidhmiúlacht cheart na cumarsáide gutha a sheiceáil tríd an gcomhéadan feithicle.'.

IARSCRÍBHINN VI

Leasaítear Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/79 mar a leanas:

(1) leasaítear Cuid I mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.1:

'2.1. Níl an córas eCall infheithicle atá bunaithe ar 112 nó an t-aonad teicniúil faoi leith ar fáil le haghaidh cumarsáid leis an PFSP nó ní fhreagraíonn sé go huathoibríoch ar a laghad má thosaíonn an PFSP an chumarsáid tar éis dul in éag an uaineadóra eCall T9 (1 uair an chloig).';

(b) scriostar pointe 2.2.;

(c) i roinn 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'3. **Coinníollacha tástála';**

(d) scriostar pointe 3.2 agus 3.2.1;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3.2.2:

'3.2. Sula ndéanfar an tástáil, áirithigh an méid seo a leanas:

(a) ceann de na nósanna imeachta maidir le nascadh a shonraítear i bpointe 2.7 d'Iarscríbhinn I, mar a comhaontaíodh idir an tseirbhís theicniúil agus an monaróir, go gcuirfear i bhfeidhm é maidir le haon eCall tástála;

(b) go bhfuil an pointe tástála PFSP tiomnaithe ar fáil chun eCall a fháil arna dhéanamh ag an gcóras atá bunaithe ar 112;

(c) go gcuirtear adhaint nó máistirlasc rialaithe na feithicle i ngníomh;

(d) go ndíchumasaítear aon STP nó aon chóras seirbhíse breisluacha.';

(f) scriostar pointí 3.2.3 agus 3.2.4;

(g) i roinn 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'4. **Modh tástála';**

(h) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 4.1 agus 4.2:

'4.1. Déan eCall tástála trí thruicear de chuid an chórais a chur ar siúl de láimh.

4.2. Fíoraigh gur bunaíodh glao leis an bpointe tástála PFSP le taifead ar phointe tástála PFSP lena léirítear go bhfuair sé glao nó le nasc gutha rathúil leis an bpointe tástála PFSP.';

(i) i roinn 4, cuirtear na pointí 4.3., 4.4. agus 4.5 seo a leanas isteach:

'4.3. Cuir deireadh leis an eCall trí úsáid a bhaint as ordú iomchuí an phointe tástála PFSP (e.g. crochadh suas).

4.4. Fág CIF eCall atá bunaithe ar 112 ar siúl agus fan 63 nóiméad ar a laghad (1 uair an chloig + 5 % de réir EN 16454 agus EN 17240).

4.5. Tríd an bpointe tástála PFSP, déan iarracht nascadh le CIF eCall atá bunaithe ar 112.';

(j) cuirtear an roinn 5 seo a leanas isteach:

'5 **Measúnú**

5.1. Cinntear go bhfuil pas bainte amach maidir leis an gceanglas mura bhfuil an córas eCall infheithicle atá bunaithe ar 112 ar fáil chun cumarsáid a dhéanamh leis an PFSP nó mura bhfreagraíonn sé an glao go huathoibríoch nuair a dhéanann an pointe tástála PFSP iarracht nascadh tar éis dul in éag an uaineadóra eCall T9 (1 uair an chloig).

5.2. Is teip é nasc a bhunú le CIF eCall atá bunaithe ar 112 nó glao a fhreagairt go huathoibríoch nuair a thosaíonn an pointe tástála PFSP an chumarsáid.';

(2) leasaítear Cuid II mar a leanas:

(a) i roinn 3, cuirtear an pointe 3.3 seo a leanas isteach:

'3.3. Sula ndéanfar an tástáil, áirithigh an méid seo a leanas:

(a) ceann de na nósanna imeachta maidir le nascadh a shainmhínítear i bpointe 2.7 d'Iarscríbhinn I, mar a comhaontaíodh idir an tseirbhís theicniúil agus an monaróir, go gcuirfear i bhfeidhm é maidir le haon eCall tástála;

(b) go bhfuil an pointe tástála PFSP tiomnaithe ar fáil chun eCall a fháil arna dhéanamh ag an gcóras atá bunaithe ar 112;

(c) go gcuirtear adhaint nó máistirlasc rialaithe na feithicle i ngníomh; agus

(d) go ndíchumasaítear aon STP nó aon chóras seirbhíse breisluacha.';

(b) i roinn 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 4.1 agus 4.2:

'4.1. Déan eCall trí thruicear de chuid an chórais a chur ar siúl de láimh.

4.2. Fíoraigh gur bunaíodh glao leis an bpointe tástála PFSP le taifead ar phointe tástála PFSP lena léirítear go bhfuair sé glao nó le nasc gutha rathúil leis an bpointe tástála PFSP.';

(c) i roinn 4, cuirtear na pointí 4.3. agus 4.4 seo a leanas isteach:

'4.3 Cuir deireadh leis an eCall trí úsáid a bhaint as ordú iomchuí an phointe tástála PFSP (e.g. crochadh suas).

4.4. 13 uair an chloig tar éis eCall a bheith curtha, tabharfar rochtain don tástálaí seirbhíse teicniúla ar an áit a stóráiltear na comhaid loga eCall in CIF. Is éard a bheidh i gceist leis sin acmhainneacht aon chomhad loga a íoslódáil ó CIF ionas gur féidir leis an tástálaí breathnú orthu.';

(3) leasaítear Cuid III mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3.1:

'3.1. Éascófar an tseirbhís theicniúil chun go mbeidh rochtain aici ar an gcuid sin den chóras ina stóráiltear sonraí suímh na feithicle i gcuimhne inmheánach CIF.';

(b) i roinn 3, cuirtear an pointe 3.3 seo a leanas isteach:

'3.3. Sula ndéanfar an tástáil, áirithigh an méid seo a leanas:

(a) ceann de na nósanna imeachta maidir le nascadh a shainmhínítear i bpointe 2.7 d'Iarscríbhinn I, mar a comhaontaíodh idir an tseirbhís theicniúil agus an monaróir, go gcuirfear i bhfeidhm é maidir le haon eCall tástála;

(b) go bhfuil an pointe tástála PFSP tiomnaithe ar fáil chun eCall a fháil arna dhéanamh ag an gcóras atá bunaithe ar 112;

(c) go gcuirtear adhaint nó máistirlasc rialaithe na feithicle i ngníomh; agus

(d) go ndíchumasaítear aon STP nó aon chóras seirbhíse breisluacha.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 4.1:

'4.1. Déan eCall trí thruicear de chuid an chórais a chur ar siúl de láimh.';

(d) i roinn 4, cuirtear na pointí 4.2., 4.3 agus 4.4 seo a leanas isteach:

'4.2. Fíoraigh gur bunaíodh glao leis an bpointe tástála PFSP le taifead ar phointe tástála PFSP lena léirítear go bhfuair sé glao nó le nasc gutha rathúil leis an bpointe tástála PFSP.

4.3. Cuir deireadh leis an eCall trí úsáid a bhaint as ordú iomchuí an phointe tástála PFSP (e.g. crochadh suas).

4.4. Tabharfar rochtain don tástálaí seirbhíse teicniúla ar an áit a stóráiltear sonraí suímh na feithicle i gcuimhne inmheánach CIF. Is éard a bheidh i gceist leis sin acmhainneacht aon shuíomh stóráilte a íoslódáil ó CIF ionas gur féidir leis an tástálaí breathnú orthu.';

(4) leasaítear Cuid IV mar a leanas:

(a) i roinn 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'3. **Coinníollacha tástála**';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3.2:

'3.2. Díchumasófar an córas STP ar feadh an eCall.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3.2.1:

'3.2.1. Sula ndéanfar an tástáil, áirithigh an méid seo a leanas:

(a) ceann de na nósanna imeachta maidir le nascadh a shainmhínítear i bpointe 2.7 d'Iarscríbhinn I, mar a comhaontaíodh idir an tseirbhís theicniúil agus an monaróir, go gcuirfear i bhfeidhm é maidir le haon eCall tástála;

(b) go bhfuil an pointe tástála PFSP tiomnaithe ar fáil chun eCall a fháil arna dhéanamh ag an gcóras atá bunaithe ar 112;

(c) go gcuirtear adhaint nó máistirlasc rialaithe na feithicle i ngníomh; agus

(d) go ndíchumasaítear aon STP nó aon chóras seirbhíse breisluacha.';

(d) scriostar pointe 3.4;

(e) cuirtear na Ranna 4 agus 5 seo a leanas isteach:

'4. **Modh tástála**

4.1. Déan eCall tástála trí thruicear de chuid an chórais a chur ar siúl de láimh.

4.2. Fíoraigh gur bunaíodh glao leis an bpointe tástála PFSP le taifead ar phointe tástála PFSP lena léirítear go bhfuair sé glao nó le nasc gutha rathúil leis an bpointe tástála PFSP.

4.3. Cuir deireadh leis an eCall trí úsáid a bhaint as ordú iomchuí an phointe tástála PFSP (e.g. crochadh suas).

4.4. Má theipeann ar iarracht an chórais atá bunaithe ar 112 glao a dhéanamh le linn na tástála, féadfar an nós imeachta tástála a dhéanamh arís.

4.5. Tabharfar rochtain don tástálaí seirbhíse teicniúla ar an áit a stóráiltear na comhaid loga eCall in CIF. Is éard a bheidh i gceist leis sin acmhainneacht aon chomhad loga a íoslódáil ó CIF ionas gur féidir leis an tástálaí breathnú orthu.

4.6. Fíorófar easpa comhaid loga sa chóras STP trí rochtain a fháil ar an gcuid sin den chóras ina stóráiltear comhaid loga eCall.

5. **Measúnú**

5.1. Cinntear go bhfuil pas bainte amach maidir leis an gceanglas mura bhfuil aon chomhad loga i gcuimhne chórais infheithicle an chórais STP.

5.2. Is teip é comhad loga a bheith sa chóras STP a bhaineann le eCall a tharla tríd an gcóras atá bunaithe ar 112.'.

IARSCRÍBHINN VII

I Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/79, cuirtear an Iarscríbhinn X seo a leanas isteach:

'IARSCRÍBHINN X

Nós imeachta tástála chun feidhmíocht an tsoláthair cumhachta cúltaca a fhíorú

1. **Cuspóir**

Is é cuspóir na tástála seo a áirithiú go mbeidh an córas eCall nó an t-aonad teicniúil faoi leith eCall in ann cumarsáid a dhéanamh ar feadh na tréimhse a shonraítear i bpointe 2.

2. **Ceanglais**

Beidh an córas eCall nó an t-aonad teicniúil faoi leith eCall inoibrithe ar feadh tréimhse 5 nóiméad ar a laghad i mód cumarsáide gutha agus 60 nóiméad ina dhiaidh sin i mód glao ar ais (mód réchasta, cláraithe sa líonra) agus tréimhse eile 5 nóiméad ar a laghad ina dhiaidh sin i mód cumarsáide gutha.

3. **Coinníollacha tástála**

Déanfar an tástáil fíorúcháin seo a leanas ar aonad teicniúil faoi leith eCall a ndearnadh an tástáil luasmhoillithe ard-déine air de réir Iarscríbhinn I.

Mura n-áirítear an micreafón/na micreafóin agus an callaire/na callairí san aonad teicniúil faoi leith eCall le haghaidh an chórais eCall, cuirfear micreafón ionadaíoch/micreafóin ionadaíocha agus callaire ionadaíoch/callairí ionadaíocha leis an socrú tástála chun an tástáil ón Iarscríbhinn seo a dhéanamh.

3.1. **Modh tástála**

3.1.1. Déan eCall trí thruicear de chuid an chórais a chur ar siúl de láimh.

3.1.2. Fíoraigh gur bunaíodh glao leis an bpointe tástála PFSP le taifead ar phointe tástála PFSP lena léirítear go bhfuair sé an glao nó le nasc gutha rathúil leis an bpointe tástála PFSP.

3.1.3. Dícheangail an phríomhfhoinse chumhachta.

3.1.4. Léigh aon téacs os ard ar feadh 5 nóiméad ar a laghad ag an bpointe tástála PFSP.

3.1.5. Cuir deireadh leis an eCall trí úsáid a bhaint as ordú iomchuí an phointe tástála PFSP (e.g. crochadh suas).

3.1.6. Fan ar feadh 56 nóiméad tar éis dheireadh an ghlao.

3.1.7. Cuir tús le glao ón bpointe tástála PFSP chuig an gcóras eCall infheithicle.

3.1.8. Má ghlactar leis an nglao go huathoibríoch, léigh aon téacs os ard ar feadh 5 nóiméad ar a laghad ag an bpointe tástála PFSP; mura nglactar, beidh an tástáil críochnaithe.

3.2. **Measúnú**

3.2.1. Cinntear go bhfuil pas bainte amach maidir leis an gceanglas má tá an t-aonad teicniúil faoi leith eCall in ann cumarsáid a dhéanamh ar feadh na tréimhse a cheanglaítear, mar a shonraítear i bpointe 2.

3.2.2. Is teip é mura bhfuil an córas eCall infheithicle atá bunaithe ar 112 in ann cumarsáid a dhéanamh ar feadh na tréimhse dá dtagraítear i bpointe 2..'